

Pionós na bPiarsach

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin bpionós atá gearrtha ar Phiarsaigh na Dromad agus Doire Treasc. Sula bhféachann tú ar an tuairisc déan iarracht na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt.

- Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo cheana?
- Cén sórt cumann iad Piarsaigh na Dromad agus Doire Treasc?
- Cé as don dá fhoireann thuasluaite?
- Cén fáth a raibh an dá fhoireann i mbéal an phobail le mí anuas?

Ceist 2 Anois gan féachaint go fóill, déan iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla seo. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat.

Feud/Dispute	Gearradh
Member of Parliament	Cinneadh
Scenes	Ionadaíocht
Controversy	Tionól
Appeal	Achrann
Assemble	Conspóid
Decision	Smacht
Semi-final	Lárchoiste Éisteachta
Central Hearing Committee	Radharcanna
Impose	Comórtas
Represent	Leathchraobh
Competition	Achomharc
Discipline	Feisire

Ceist 3 Anois féach ar an mír agus déan iarracht na ceisteanna thíos a fhreagairt

1. Cé hé an Feisire Eorpach a luaitear sa mhír?
2. Cé mhéad bliain de phionós atá gearrtha ar na Piarsaigh?
3. Cén fíneáil a cuireadh ar an gclub ar dtús agus cén fíneáil atá orthu anois?
4. Cad iad na róil a bhí ag Seán Kelly le Coiste Chontae Chiarraí ar feadh beagnach fiche bliain?
5. Cén dream nach raibh na Piarsaigh sásta labhairt leo ar maidin?

Ceist 4 ...ar **an** raidió/ ...tá **an**-aithne/ ...leis **na** meáin/ ...Píarsaigh **na**
Dromad

Scríobh nóta ar an difríocht atá idir na foirmeacha difriúla den alt
thuas.

Déan iarracht abairtí a chumadh le do chuid freagraí a léiriú.

Ceist 5 a) '*...ródhian*'

Cén fáth nach bhfuil fleiscín ann?

Déan iarracht an réimír 'ró' a chur roimh na focail thíos.

Maith	
Lán	
Ard	
Nua	
Dorcha	

b) '*Bhíos i mo chathaoirleach*'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis an bhfocal i gcló dorcha?
thuas.

Scríobh an leagan caighdeánach de na foirmeacha thíos, más ann
dóibh.

Go mbeidís	
Ritheadar	
Mhothaíos	
Do chualathas	
D'óladar	

Ceist 6 Déan an ráiteas thíos a phlé. Is féidir é a úsáid mar rún
díospóireachta.

*'Bheadh níos mó measa ag na himreoirí ar a chéile dá mbreathnófaí
ar an spórt mar ghairm phroifisiúnta agus na himreoirí a íoc dá réir'*

Treoracha

Ceist 1

- Bac cúig bliana atá curtha ar Dhoire Treasc agus trí bliana ar Phiarsaigh na Dromad
- Fíneáil €5,000 ach laghdaíodh é go €2,500 ar Dhoire Treasc agus €2,000 ar Phiarsaigh na Dromad
- Cumainn Pheile atá iontu.
- Is as Contae Chiarraí do na Piarsaigh agus as Contae Thír Eoghain do Dhoire Treasc
- Bhí troid mhór ar an bpáirc imeartha le linn chluiche leathcheannais na gclubanna

Ceist 2

Feud/Dispute	Achrann
Member of Parliament	Feisire
Scenes	Radharcanna
Controversy	Conspóid
Appeal	Achomharc
Assemble	Tionól
Decision	Cinneadh
Semi-final	Leathchraobh
Central Hearing Committee	Lárchoiste Éisteachta
Impose	Gearradh
Represent	Ionadaíocht
Competition	Comórtas
Discipline	Smacht

Ceist 3

1. Is é Seán Kelly an Feisire Eorpach a luaitear sa mhír.
2. Tá trí bliana de phionós gearrtha ar na Piarsaigh.
3. Cuireadh fíneáil de dhá mhíle euro ar an gclub ar dtús agus gearradh siar go dtí míle euro é.
4. Bhí Seán Kelly ina Chathaoirleach agus ina Leaschathaoirleach ar Choiste Chontae Chiarraí ar feadh beagnach fiche bliain.
5. Ní raibh na Piarsaigh ag labhairt leis na meáin ar maidin.

Ceist 4 Scríobh nóta ar an difríocht atá idir na foirmeacha difriúla den alt thuas.

Déan iarracht abairtí a chumadh le do fhreagraí a léiriú.

<i>ar an raidió</i>	An t-alt uatha atá i gceist anseo. <i>Is maith liom an buachaill ach ní maith liom an bhean.</i>
<i>tá an-aithne</i>	Nuair a leanann fleiscín ‘an’ léiríonn sé béim. <i>Tá Cólín ciúin ach tá Bríd an-chiúin.</i>
<i>leis na meáin</i>	An t-alt iolra atá i gceist anseo. <i>Is maith liom na buachaillí ach ní maith liom na mná.</i>
<i>Piarsaigh na Dromad</i>	Alt an ghinidigh uatha, baininscneach atá i gceist anseo. Tuigimid nach ginideach iolra atá i gceist mar gheall nach leanann urú é. <i>Bhí an eochair ar leac na fuinneoige i leithris na bhfear. (leithris na bhfear = ginideach iolra)</i>

Ceist 5 a) Ní chuirtear fleiscín tar éis ‘ró’ ach amháin nuair a bhíonn guta á leanúint.

Séimhítear an focal a leanann é más féidir

Maith	Rómhaith
Lán	Rólán
Ard	Ró-ard
Nua	Rónua
Dorcha	Ródhorcha

b) An fhoirm tháite atá i gceist

Go mbeidís*	
Ritheadar	Rith siad
Mhothaíos	Mhothaigh mé
Do chualathas*	
D’óladar	D’ól siad

*Is iad na leaganacha seo is cirte de réir an Chaighdeáin

Ceist 6 Is féidir an ráiteas a phlé nó é a úsáid mar rún díospóireachta.

Maolra Mac Donnchadha

Níl deireadh fós leis an achrann a bhí i bPortlaoise an mhí seo caite idir Piarasaigh na Dromad¹ agus Doire Treasc. I gCiarraí tá Iarúachtarán Chumann Lúthchleas Gael, an Feisire Eorpach Seán Kelly tar éis a rá go bhfuil an cosc trí bliana atá gearrtha ar na Piarasaigh i gCraobh na Mumhan agus i gCraobh na hÉireann ródhian.

Grett O'Connor

Seo iad na radharcanna ba chúis leis an gconspóid ar fad. An mhí seo caite buadh ar Chumann Peile Phiarsaigh na Dromad i leathchraobh Peile Sóisearach na hÉireann ach anois tá níos mó ná cluiche cailte acu. Tá ordú tugtha ag Lárchoiste Éisteachta Chumann Lúthchleas Gael an fhíneáil a bhí le gearradh ar an gclub a laghdú ó dhá mhíle euro go dtí míle ach anuas air sin tá bac trí bliana le cur orthu ó bheith ag ionadaíocht ar son Chontae Chiarraí i gcomórtais náisiúnta na gclubanna²

Seán Ó Ceallaigh

Bhuel is dócha go bhfuil saghas trua agam do Phiarsaigh na Dromad mar tá an-aithne agam orthu le fada. Bhíos³ i mo Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach ar an gCoiste Contae ar feadh suas beagnach le fiche bliain agus ní cuimhin liom iad a bheith i dtrioblóid riamh. Dá bhrí sin, is dóigh liom gur cheart stair smachta an chumainn a chur san áireamh nuair a bhíonn tú ag tabhairt amach⁴ píonóis mhóra⁵ go háirithe sa chás seo, iad a chur as comórtas ar feadh trí bliana.

Grett O'Connor

Ba léir inniu go raibh cosc de shaghas eile i bhfeidhm ar Chumann Phiarsaigh na Dromad freisin. Ba é sin an cosc ar aon ní a rá leis na meáin. Ní raibh Cathaoirleach an chumainn Mícheál Ó Síocháin ar fáil chun agallamh a dhéanamh linn ach ag caint dó ar maidin ar an raidió dúirt sé go raibh an-díomá⁶ orthu maidir leis an bpíonós nua. Maidir len' é a athchomharc dúirt sé go mbeadh cruinniú á thionól ag an gClub go luath agus go mbeidís ag déanamh scrúdú ar a gcuid roghanna agus go mbeadh an cinneadh á thógáil⁷ acu le chéile.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, ag Clubtheach Phiarsaigh na Dromad i gContae Chiarraí.

¹ Na Dromaid/na Dromaide a deirtear síos tríd

² Na gclub a deirtear

³ Bhí mé is cirte

⁴ Síos a deirtear

⁵ Píonós móra a deirtear

⁶ Ana-dhioma a deirtear i gcanúint an tuairisceora

⁷ A thógaint deirtear